Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13975/22**

**ENV 1060**
**AGRI 577**
**FORETS 104**
**PECHE 416**
**POLMAR 67**
**PI 138**
**ONU 125**
**RECH 562**
**CADREFIN 187**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13784/1/22 REV 1 |
| Ábhar: | An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):<br>• An 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 15) in CBD<br>• An deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht (COP-MOP 10)<br>• An ceathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 4)<br>• (Montréal, Ceanada, an 7 – 19 Nollaig 2022)<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3903ú cruinniú dá cuid, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):**

**Ullmhúchán don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 15) in CBD**

**Ullmhúchán don Deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht (COP-MOP 10)**

**Ullmhúchán don Cheathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 4)**

**(Montréal, Ceanada, an 7 – 19 Nollaig 2022)**

**- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

- Pobail dhúchasacha[1];
- An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch: Ullmhúchán do Chomhdháil na bPáirtithe (COP 14) in CBD, Ullmhúchán don Naoú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht (COP-MOP 9), Ullmhúchán don Tríú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 3)[2]
- Na hAigéin agus na Farraigí[3];

[1] 8814/17.
[2] 12948/18.
[3] 14249/19.

- Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú[4];
- Dlús a chur le gníomhaíocht chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[5];
- An creat bithéagsúlachta domhanda (GBF) iar-2020 a ullmhú – an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD)[6];
- An straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc'[7];
- Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach[8];
- Ag féachaint le téarnamh Ciorclach Glas[9];
- Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair[10];
- Tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia[11];
- Straitéis nua foraoise an Aontais do 2030[12];
- Taidhleoireacht Aeráide an Aontais: dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú[13];

---

4 14594/19.
5 15151/19.
6 15272/19 + COR 1.
7 12099/20.
8 12210/20.
9 13852/20.
10 6941/21.
11 9335/21.
12 13537/21.
13 6120/22.

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI an gá atá leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) agus na Prótacail a ghabhann leis a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus Á CHUR IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI cailliúint leanúnach na bithéagsúlachta agus na hiarmhairtí do sholáthar seirbhísí éiceachórais agus dea-bhail an duine mar a cuireadh i dtreis go láidir sa chúigiú heagrán d'Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta (GBO-5),[14] sna tuarascálacha a d'eisigh an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES)[15], an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)[16] agus an Painéal Idirnáisiúnta um Bainistiú Acmhainní[17], Á CHUR I dTÁBHACHT DI a gcóineasú láidir ar na géarchéimeanna domhanda idirspleácha maidir le cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú éiceachóras, an t-athrú aeráide, agus truailliú, agus an gá atá le hathrú práinneach, claochlaitheach, ós rud é go leanfaidh an staid de bheith ag dul in olcas le hiarmhairtí is dócha a bheidh do-athraithe faoi chásanna 'gnó mar is gnách';

---

14 Rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht (2020), Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta 5. Montréal.

15 E.g. IPBES (2019): Tuarascáil Mheasúnachta dhomhanda ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, IPBES (2022): Measúnú téamach ar úsáid inbhuanaithe speiceas fiáin ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, IPBES (2022): Measúnú modheolaíoch ar luachanna éagsúla agus luacháil an dúlra ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais.

16 An Séú Tuarascáil Mheasúnachta, An tAigéan agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú, an tAthrú Aeráide agus an Talamh, Téamh Domhanda 1.5 °C.

17 An Painéal Idirnáisiúnta um Bainistiú Acmhainní (2019). Ionchas Acmhainní Domhanda 2019: Acmhainní Nádúrtha don Todhchaí atá Uainn.

Á AITHINT DI go bhfuil Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis, Deich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras agus Deich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aigéan thar a bheith ábhartha agus comhthacúil; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh na rúin[18] le linn an chúigiú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA5) maidir le 'Deireadh a chur leis an truailliú plaisteach: i dtreo ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí', 'An geilleagar ciorclach a fheabhsú mar rannchuidiú chun tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a bhaint amach', 'Bainistiú inbhuanaithe nítrigine', 'Bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola', agus 'Réitigh dhúlrabhunaithe chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe', lena soláthraítear sainmhíniú a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta ar réitigh dhúlrabhunaithe; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le 'Ceart an duine chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe'[19] agus an Dearbhú Polaitiúil 'Ár nAigéin, ár dtodhchaí, ár bhfreagracht' a glacadh ag an Dara ceann de Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, a tionóladh i Liospóin ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2022.

Á CHÁINEADH go fíorghéar cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ós rud é gur sárú tromchúiseach é ar an dlí idirnáisiúnta agus líon ollmhór daoine á ghortú agus á mharú mar thoradh air, sibhialtaigh san áireamh, chomh maith le díghrádú comhshaoil, truailliú agus riosca fadtéarmach don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais, scriosann sé gnáthóga nádúrtha chomh maith le limistéir faoi chosaint lena n-áirítear iad siúd do speicis neamhchoitianta agus speicis atá i mbaol go háirithe de shárú ar an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus cuireann sé moill ar an ngníomhaíocht a bhfuil géarghá léi maidir le deireadh a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus le hathbhunú dúlra; Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI ní hamháin go mbaineann cogadh na Rúise ar an Úcráin an bonn den tslándáil agus den chobhsaíocht dhomhanda, ach go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha aige ar an ngeilleagar agus ar shlándáil an tsoláthair bia chomh maith; ba cheart aghaidh a thabhairt ar an méid sin go práinneach le bearta agus gníomhaíochtaí freagartha láidre ón gcomhphobal idirnáisiúnta; Á ÉILEAMH DI ar an Rúis go gcuirfear deireadh láithreach lena gníomhaíochtaí míleata agus ag Á MHOLADH DI go dtabharfar an Rúis chun cuntas, *inter alia*, as an damáiste don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais san Úcráin;

Á CHUR I dTÁBHACHT DI go bhfuil saothrú an gheilleagair chiorclaigh ríthábhachtach chun patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe a bhaint amach lena rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta dhomhanda, ar an athrú aeráide, ar dhífhoraoisiú, ar dhíghrádú éiceachórais, ar strus maidir le huisce, ar thruailliú agus ar an tionchar ar shláinte an duine;

---

18 UNEP/EA.5/Rún 2, Rún 5, Rún 7, Rún 11 agus Rún 14.

19 Rún A/RES/76/300.

Á ATHDHEARBHÚ DI a thábhachtaí atá an cur chuige réamhchúraim, ar áireamh i nDearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, do na prótacail a ghabhann leis agus dá chur chun feidhme ar gach leibhéal;

**Caibidil I — An Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020, Ábhair Ghaolmhara agus Sásraí Cur Chun Feidhme a Fheabhsú**

1. IARRANN SÍ go nglacfaí creat domhanda bithéagsúlachta iar-2020 a bheidh uaillmhianach, cuimsitheach agus claochlaitheach ina mbeidh misean soiléir, gonta agus spreagúil a bheidh éasca a chur in iúl, chun gníomhaíocht phráinneach chlaochlaitheach a spreagadh d'fhonn cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú chun domhan atá dearfach ó thaobh an dúlra de a bhaint amach faoi 2030;

2. TÁ SÍ TIOMANTA spriocanna fadtéarmacha 2050 a ghlacadh atá uaillmhianach agus, i gcás inar féidir, intomhaiste agus faoi cheangal ama, torthaí idirmheánacha 2030 agus spriocanna 2030 atá dírithe ar ghníomhaíocht lena dtugtar aghaidh go héifeachtach agus go comhuaineach ar na cúiseanna díreacha agus indíreacha le cailliúint na bithéagsúlachta agus a théann níos faide ná uaillmhian spriocanna bithéagsúlachta Aichi, arna dtacú ag sásra cur chun feidhme láidir feabhsaithe mar aon le creat láidir faireacháin ina bhfuil táscairí faoi seach;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá na gnéithe agus na gníomhaíochtaí seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh sna cuspóirí agus sna spriocanna:

   - Faoi 2030, go ndéanfar 30 % ar a laghad den talamh domhanda agus 30 % ar a laghad d'aigéin a chaomhnú go héifeachtach, go háirithe limistéir a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir leis an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais, trí líonraí de limistéir faoi chosaint a bhainistítear go héifeachtach agus a rialaítear go cothrom agus atá dea-nasctha agus ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de mar aon le bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéar-bhunaithe eile[20], agus cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a chosaint mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine iad;

[20] Mar a shainmhínítear in CBD/COP/DEC/14/8.

- Faoi 2030, go gcuirfear dlús le gníomhaíocht chun éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú go héifeachtach chun an bhithéagsúlacht a chur ar shlí téarnaimh, lena dtabharfar trí bhilliún heicteár d’éiceachórais talaimh agus fionnuisce atá díghrádaithe agus trí bhilliún heicteár d’éiceachórais na n-aigéan faoi athchóiriú, lena n-áirítear éiceachórais agus ithreacha ar mhórán carbóin, lena bhfeabhsófar sláine agus nascacht an éiceachórais, spásanna glasa agus gorma, chomh maith leis an mbithéagsúlacht i limistéir uirbeacha;
- Faoi 2030, go gcuirfear deireadh le baint, trádáil agus úsáid speiceas fiáin atá neamhdhleathach, neamh-inbhuanaithe nó neamhshábháilte, agus gníomhaíochtaí uaillmhianacha á ndéanamh chun speicis a chaomhnú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun stádas caomhantais na speiceas atá faoi bhagairt a fheabhsú;
- Faoi 2030, go gcuirfear deireadh le díothú speiceas aitheanta faoi bhagairt arb é an duine is cúis leis agus gach díothú arb é an duine is cúis leis faoi 2050, rud a laghdóidh an baol díothaithe, chomh maith le héagsúlacht ghéiniteach agus acmhainneacht oiriúnaitheach daonraí speiceas fiáin agus ceansaithe a choimirciú agus a choinneáil;
- Faoi 2030, go mbainfear leas iomlán as réitigh dhúlrabhunaithe[21], agus a gcoimircí sóisialta agus comhshaoil á n-áirithiú chomh maith leis na tairbhí iomadúla a bhaineann leo á bhfeabhsú ag an am céanna;
- Faoi 2030, go laghdófar leibhéil agus rioscaí truaillithe ó gach foinse, lena n-áirítear ceimiceáin, cothaithigh agus lotnaidicídí agus substaintí eile, go háirithe substaintí ar údar mór imní iad, agus truailliú torainn agus solais - go laghdófar iad go leibhéil nach bhfuil díobhálach don bhithéagsúlacht, d’fheidhmeanna éiceachórais agus do shláinte an duine, lena leagfar amach spriocanna uimhriúla maidir le laghdú cothaitheach agus lotnaidicídí, agus lena gcuirfear deireadh le truailliú plaisteach;
- Faoi 2030, go ndéanfar bainistiú ar bhealaí chun speicis choimhthíocha a thabhairt isteach, go ndéanfar tabhairt isteach agus bunú na speiceas coimhthíoch ionrach go léir a bhfuil tosaíocht acu a chosc, go laghdófar an ráta tabhartha isteach agus bunaithe speiceas coimhthíoch ionrach, agus go ndéanfar speicis choimhthíocha ionracha atá bunaithe cheana féin a dhíothú nó a rialú chun a dtionchar ar an mbithéagsúlacht a laghdú;

[21] Mar a shainmhínítear sa Rún ó UNEA ‘Réitigh dhúlrabhunaithe chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe’(UNEP/EA.5/Rún 5).

- Faoi 2030, go ndéanfar bainistiú inbhuanaithe ar na limistéir uile atá faoi úsáidí táirgiúla chun úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus prionsabail agraí-éiceolaíocha a chur chun feidhme go héifeachtach, agus cleachtais ábhartha eile atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a chur chun feidhme ar scála suntasach le spriocanna uimhriúla atá leagtha síos, *inter alia* trí stádas pailneoirí agus bithéagsúlacht ithreach a fheabhsú go suntasach agus trí rannchuidiú le táirgiúlacht fhadtéarmach, éifeachtúlacht acmhainne agus athléimneacht na gcóras sin, an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú agus seirbhísí éiceachórais a choinneáil;
- Faoi 2030, go dtabharfar aghaidh ar athrú úsáide talún agus mara a dhéanann difear diúltach don bhithéagsúlacht i ngach éiceachóras chomh maith le héiceachórais atá slán, criticiúil agus faoi bhagairt a choinneáil, agus cailliúint limistéar eile a bhfuil ardluach bithéagsúlachta acu a íoslaghdú;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá sé GBF a chur chun feidhme ina iomláine ar gach leibhéal, chun dlús a chur le gníomhaíocht na rialtas agus na sochaí uile, agus ar fud chóras na Náisiún Aontaithe; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá Clár Oibre Gníomhaíochta Sharm-El Sheikh go Kunming don Dúlra agus do Dhaoine chun GBF a chur chun feidhme go rathúil agus IS DÍOL SÁSAIMH DI forbairt agus cur chun feidhme uirlisí tacaíochta chun cur chun feidhme, cuntasacht agus trédhearcacht a fheabhsú;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS Í BUÍOCH DÁ RÉIR go bhfuil gealltanas tugtha ag líon suntasach tíortha cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú faoi 2030 trí Ghealltanas na gCeannairí ar son an Dúlra a fhormhuiniú, nó go bhfuil siad tar éis dul isteach sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine um an Dúlra agus um Dhaoine, i gComhaontas Dhomhanda na nAigéan, sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine ar Bhithéagsúlacht Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta nó sna Ceannairí Gorma; IS DÍOL SÁSAIMH DI ról catalaíoch na gcomhghuaillíochtaí sin agus na gcomhghuaillíochtaí ábhartha eile maidir le huaillmhianta arda i dtaca le forbairt agus cur chun feidhme an chreata agus IARRANN SÍ ar thíortha nach bhfuil páirteach sna comhghuaillíochtaí sin go fóill dul isteach iontu;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá eolas traidisiúnta, nuálaíochtaí agus cleachtais inbhuanaithe na bpobal dúchasach agus áitiúil lena n-áirítear trína rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach lena saorthoiliú feasach á chur in iúl roimh ré, agus AITHNÍONN SÍ cearta PDAnna, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine iad, agus GBF á fhorbairt agus á chur chun feidhme;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na rialtas fonáisiúnta, na gcathracha agus na n-údarás áitiúil eile, na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí ban, grúpaí óige, an phobail gnó agus airgeadais, an phobail eolaíochta, an luchta acadúil, ionadaithe ó earnálacha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht nó atá ag brath ar an mbithéagsúlacht, na saoránach agus na ngeallsealbhóirí eile, agus aitheantas cuí á thabhairt dá róil faoi seach, ríthábhachtach chun an creat a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach;

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé an nasc a neartú idir cosaint na bithéagsúlachta agus cearta an duine, cothromas idirghlúine, comhionannas inscne, cuir chuige atá bunaithe ar chearta agus atá inscne-fhreagrúil in GBF; agus IARRANN SÍ go nglacfar an Plean Gníomhaíochta hInscne iar-2020;

**Faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha**

9. Á DHAINGNIÚ DI, ag an am céanna, go bhfuil sí toilteanach rannchuidiú le réiteach a shainaithint i ndáil le saincheist na ‘faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha’; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá d’aon réiteach a bheith bunaithe ar chleachtais atá ann cheana i mbunachair sonraí, gur cheart rochtain oscailte ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha ó bhunachair sonraí phoiblí a chaomhnú agus fothú acmhainneachta a chomhtháthú, a bheith praiticiúil, a d’fhéadfaí a chur chun feidhme go héasca, deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht a áirithiú, níos mó tairbhí a ghiniúint ná costais, a bheith ag tacú go frithpháirteach le hionstraimí maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí eile, agus a áirithiú go rannchuideoidh tairbhí comhroinnte le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus go dtacóidh siad leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha;

**Slógadh acmhainní agus an sásra airgeadais**

10. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá slógadh acmhainní atá tiomnaithe, intuartha agus leordhóthanach don bhithéagsúlacht;

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur chloígh an tAontas agus a Bhallstáit le chéile lena ngealltanas a tugadh roimhe sin maidir le sreabha airgeadais le haghaidh na bithéagsúlachta chuig tíortha i mbéal forbartha agus chuig geilleagair atá ag athrú a dhúbailt faoi 2015, agus an leibhéal sin a choinneáil go dtí 2020; MEABHRAÍTEAR DI an gealltanas a thug an Coimisiún Eorpach go ndéanfadh an tAontas cistiú seachtrach don bhithéagsúlacht a dhúbailt go háirithe do na tíortha is leochailí agus MEABHRAÍTEAR DI gurb iad Ballstáit an Aontais an ranníocóir is mó trí chéile leis an Áis do Thimpeallacht na Cruinne (GEF) agus go dtiocfaidh méadú suntasach ar chistiú idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht le hathshlánú GEF8;

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá éifeachtúlacht na n-acmhainní atá ar fáil a fheabhsú agus acmhainní nua agus breise a shlógadh ó gach foinse chun GBF a chur chun feidhme, agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór do thíortha uile acmhainní breise airgeadais a shlógadh chun an bhearna dhomhanda airgeadais don bhithéagsúlacht a dhúnadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na sreabha uile airgeadais a ailíniú le cuspóirí GBF agus profáil bhithéagsúlachta a dhéanamh ar shruthanna ábhartha uile airgeadais chun tionchar diúltach ar an mbithéagsúlacht a sheachaint agus, i gcás inar féidir, chun comhthairbhí a bhaint amach do chách;
- Dreasachtaí atá díobhálach don bhithéagsúlacht, lena n-áirítear fóirdheontais, a shainaithint faoi 2025, agus deireadh a chur leis na dreasachtaí sin agus iad a atreorú faoi 2030, chun a dtionchar diúltach a íoslaghdú, agus cur le dreasachtaí dearfacha agus ionstraimí eacnamaíocha;
- Airgeadas intíre agus idirnáisiúnta araon don bhithéagsúlacht a mhéadú, i gcomhréir le huaillmhian GBF, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - o GEF a atreisiú mar shásra airgeadais CBD, lena n-áirithítear rannchuidiú le maoiniú na bithéagsúlachta agus cur chun feidhme éifeachtach GBF;

- o Tiomantas láidir na n-institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha idirnáisiúnta agus náisiúnta, lena n-áirítear bainc forbartha iltaobhacha, chun gníomhaíocht uaillmhianach na bithéagsúlachta a neartú a thuilleadh, feabhas a chur ar shlógadh airgeadais phríobháidigh, tacú le hathchóirithe rialála trí ionstraimí leordhóthanacha a fhorbairt, agus a maoiniú don dúlra a mhéadú agus a nochtadh, agus ranníocaíochtaí nithiúla don mhaoiniú idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht á gcur ar fáil ag CBD COP 15.2.;

- Sineirgí méadaithe le gníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear trí dhíriú ar chistiú méadaithe ar réitigh dhúlrabhunaithe i bhfianaise na dtairbhí iomadúla a bhaineann leo don dúlra, don aeráid agus do dhaoine;
- Forbairt agus cur chun feidhme Pleananna Náisiúnta Airgeadais Bithéagsúlachta (NBFP) nó ionstraimí comhchosúla atá ailínithe le Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta (NBSAPanna);

**Fothú acmhainneachta, comhar teicniúil agus eolaíoch, bainistiú eolais agus cumarsáid**

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur uirlisí tosaíochta iad fothú agus forbairt acmhainneachta, aistriú teicneolaíochta, comhar teicniúil agus eolaíoch agus bainistiú eolais chun GBF a chur chun feidhme go héifeachtach éifeachtúil agus gur gá cumarsáid, oideachas agus feasacht an phobail, mar aon le giniúint agus bainistiú taighde agus eolais a neartú, agus IARRANN SÍ go nglacfar creat straitéiseach fadtéarmach le haghaidh fothú acmhainneachta tar éis 2020, an chomhpháirt bainistithe eolais agus Straitéis Chumarsáide do GBF;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le hionaid réigiúnacha le haghaidh comhar teicniúil agus eolaíoch, aistriú teicneolaíochta agus fothú acmhainneachta agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na hullmhúcháin chun Ionad Eolais Domhanda Bithéagsúlachta a bhunú;

**Sásraí pleanála, faireacháin, tuairiscithe agus athbhreithnithe**

15. IARRANN SÍ go nglacfaí sásra láidir feabhsaithe pleanála, tuairiscithe agus athbhreithnithe ag COP 15, mar aon le creat láidir faireacháin le táscairí ceannlíne chun cur chun feidhme a áirithiú agus a fheabhsú agus chun tiomantas polaitiúil a chothú agus dúbláil agus forluí le sásraí eile atá ann cheana á seachaint ag an am céanna; áirítear na nithe seo a leanas leis sin:

- Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta (NBSAPanna) nuashonraithe nó athbhreithnithe mar phríomhionstraimí chun CBD a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, le hailíniú le cuspóirí agus spriocanna GBF in am le go mbreithneoidh COP 16 iad;
- Spriocanna náisiúnta mar chuid de NBSAPanna nó spriocanna ar leithligh, tuairiscithe nó curtha in iúl i gcomhréir le teimpléad comhaontaithe;
- Tuarascálacha náisiúnta ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcur chun feidhme i gcomhréir le teimpléid chomhaontaithe, ina n-úsáidtear táscairí ceannlíne, comhpháirte agus comhlántacha an chreata faireacháin, mar aon le táscairí eile;
- Measúnú ar leibhéal na huaillmhéine comhchoitinne bunaithe ar spriocanna náisiúnta agus ar na gealltanais dheonacha ó ghníomhaithe neamhstáit;
- Próiseas trédhearcach tráthúil den bhreithniú domhanda, ina mbeidh rannpháirtíocht pholaitiúil ardleibhéal, chun measúnú a dhéanamh ar an uaillmhian chomhchoiteann agus ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme GBF agus céim freagartha ina dhiaidh sin chun dlús a chur leis an uaillmhian agus leis an gcur chun feidhme náisiúnta i gcás inar gá;
- Sásra chun gealltanais dheonacha gníomhaithe neamhstáit a thaifeadadh;
- Sásraí tacaíochta, amhail iad siúd a d'fhorbair UNEP-WCMC chun faisnéis, uirlisí agus cuir chuige a thabhairt le chéile chun tacú leis na Páirtithe faireachán agus rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le spriocanna,

16. TÁ SÍ TIOMANTA tosaíocht a thabhairt do chúnamh d'fhothú acmhainneachta agus do ghníomhaíochtaí forbartha chun an GBF a chur chun feidhme agus béim á leagan ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme NBSAPanna, NBFP, agus ar thuairisciú agus athbhreithniú;

**Comhar le coinbhinsiúin agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile**

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do GBF feidhmiú mar chreat domhanda uileghabhálach do ghníomhaíocht na bPáirtithe uile, tíortha, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí, coinbhinsiúin, comhaontuithe agus próisis eile lena n-áirítear ar fud Chóras na Náisiún Aontaithe, chomh maith le IPLCanna agus na geallsealbhóirí uile, chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, agus ar an gcaoi sin cur chun feidhme comhleanúnach cuspóirí bithéagsúlachta a áirithiú agus comhar agus sineirgí a chothú i measc na ngníomhaithe uile lena mbaineann, ag tacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus a Phrótacail i dtreo Chlár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an comhar idir na coinbhinsiúin agus na comhaontuithe a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a neartú a thuilleadh chun cur chun feidhme GBF agus an faireachán a dhéantar air a chur chun cinn laistigh dá sainorduithe faoi seach, lena spreagfar cinntí lena dtacaítear go frithpháirteach, lena ndéanfar straitéisí a ailíniú le GBF agus plé téamach a chur chun cinn maidir le príomhshaincheisteanna amhail spreagthaí coiteanna do chailliúint na bithéagsúlachta;

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá leas iomlán a bhaint as tuarascálacha ábhartha ó IPBES agus ó IPCC agus MOLANN SÍ go mbeadh gníomhaíochtaí comhpháirteacha ann amach anseo idir an dá chomhlacht sin;

**Príomhshruthú na bithéagsúlachta laistigh d'earnálacha agus trasna earnálacha**

20. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a ríthábhachtaí atá príomhshruthú na bithéagsúlachta laistigh de na beartais agus na hearnálacha uile agus trasna na mbeartas agus na n-earnálacha uile; IARRANN SÍ go nglacfaí an cur chuige straitéiseach fadtéarmach maidir leis an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Rialtais Fonáisiúnta, Cathracha agus Údaráis Áitiúla Eile le haghaidh na Bithéagsúlachta faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (2021-2030);

21. TÁ SÍ TIOMANTA dea-shampla a thabhairt tríd an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú go hiomlán i ngach plean agus beartas earnála agus trasearnála ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áiritheofar cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí;

22. IARRANN SÍ go nglacfaí creat lena n-áiritheofar an méid seo a leanas:

- Cuspóirí bithéagsúlachta a phríomhshruthú laistigh de gach leibhéal rialtais agus earnála agus trasna iad faoi 2030, go háirithe sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht, san iascach, sa dobharshaothrú, san airgeadas, sa turasóireacht, sa tsláinte, sa mhonaraíocht, sa bhonneagar, san fhuinneamh agus sa mhianadóireacht, lena n-áirítear trí luachanna iolracha na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú, tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht ar fud an tslabhra luacha a sheachaint, lena n-áirítear i ngach céim den táirgeadh, den trádáil agus den tomhaltas, i gcuntais náisiúnta agus ghnó agus i ngach beartas agus infheistíocht, agus tionchair dhearfacha a mhéadú;
- Deireadh a chur le patrúin neamh-inbhuanaithe tomhaltais, trádála agus táirgthe, agus tacú le haistriú domhanda chuig an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear trí chur amú bia domhanda *per capita* a laghdú faoina leath, agus tríd an lorg éiceolaíoch domhanda a laghdú go suntasach faoi 2030 agus sin a thabhairt laistigh de theorainneacha pláinéadacha faoi 2050 ar a dhéanaí;
- Gur ar bhonn inbhuanaithe a bheidh gach cleachtas eastósctha agus táirgthe, gach foinsiú agus slabhra soláthair, agus úsáid acmhainní nádúrtha; agus
- Go ndéanfaidh na hinstitiúidí gnó agus airgeadais measúnú ar na rioscaí, na tionchair agus na spleáchais atá acu ar an mbithéagsúlacht, go dtabharfaidh siad tuairisc orthu agus go nochtfaidh siad iad, mar aon leis na rioscaí agus na tionchair dhiúltacha sin a sheachaint, a laghdú agus a mhaolú;

## **Caibidil II – An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch – Saincheisteanna Breise**

**An bhithéagsúlacht mhuirí agus chósta**

23. Meabhraítear di go n-athdhearbhaítear le rún 72/73 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe go leagtar amach le Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) an creat dlíthiúil nach mór na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí a dhéanamh faoina chuimsiú;

24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá tionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe ar an muirthimpeallacht a íoslaghdú trí bhearta éifeachtacha caomhnaithe agus bainistithe inbhuanaithe, lena n-áirithítear inbhuanaitheacht iomlán an táirgthe bia ón bhfarraige agus ón dobharshaothrú, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis an ró-iascaireacht agus le cleachtais dhíobhálacha iascaireachta, deireadh a chur le fóirdheontais dhíobhálacha iascaireachta, deireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), gabhálacha de thaisme de speicis íogaire a íoslaghdú (lena n-áirítear céiticigh, éanlaith mhara, turtair, siorcanna faoi chosaint agus/nó atá faoi bhagairt) agus foghabháil speiceas óg agus speiceas nach spriocspeicis iad;

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta maidir le rialachas na limistéar muirí agus cósta atá ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de agus dea-nasctha agus bearta caomhnaithe éifeachtacha eile a bhunú, a bhainistiú go héifeachtach agus a fheabhsú, bunaithe ar fhaisnéis ábhartha eolaíoch agus theicniúil;

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI tuilleadh plé a dhéanamh maidir le Limistéir Shuntasacha Éiceolaíocha nó Bitheolaíocha (EBSAnna) d'fhonn bailchríoch rathúil a chur ar an nós imeachta athbhreithnithe chun EBSAnna a shainaithint i gcomhréir le UNCLOS; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart toradh phróiseas EBSA ceannasacht, cearta ceannasacha nó dlínse stáit chósta a urramú go hiomlán, mar a fhoráiltear le UNCLOS; TACAÍONN SÍ le tuarascálacha achoimre na ceardlainne ar EBSAnna san Atlantach Thoir Thuaidh a chur san áireamh;

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a phráinní atá gníomhaíochtaí chun éiceachórais mhuirí a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus chun brúnna antrapaigineacha ar na haigéin a laghdú, lena n-áirítear an ró-iascaireacht, athrú ar úsáid na mara, truailliú, amhail iad siúd a eascraíonn as cothaithigh iomarcacha, substaintí guaiseacha agus plaistigh, chomh maith le torann faoi uisce; lena ndéantar athléimneacht na n-aigéan a mhéadú i bhfianaise an athraithe aeráide, lena n-áirítear sna réigiúin íogaire pholacha ina ndéantar an t-athrú aeráide a fhormhéadú, lena mbagraítear ar shochaí an duine agus ar éiceachórais, agus lena n-aithnítear ról bunúsach na n-aigéan i ndáil leis an athrú aeráide;

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn cinntitheach a rinneadh le linn na chéad choda den 5ú Seisiún den Chomhdháil Idir-rialtasach (IGC-5) maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche muirí i limistéir lasmuigh de dhlínsí náisiúnta (‘BBNJ’); IARRANN SÍ go ndéanfaí gcaibidlíocht a atosú go pras agus TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ leas a bhaint as giaráil thaidhleoireachta agus acmhainneachtaí for-rochtana uile an Aontais d’fhonn teacht ar chomhaontú uaillmhianach éifeachtach gan mhoill;

29. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá caomhnú agus téarnamh gnáthóg cósta, lena n-áirítear trí thacú le cleachtais bainistithe inbhuanaithe;

**Speicis choimhthíocha ionracha**

30. MOLANN SÍ do na Páirtithe in CBD an comhar a mhéadú agus leanúint den obair maidir le modhanna, uirlisí, bearta agus straitéisí a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha d’fhonn a dtionchar ar an mbithéagsúlacht a laghdú;

**An bhithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide**

31. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart gníomhú ar son na haeráide agus cosaint na bithéagsúlachta a bheith fite fuaite chun tionchar an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht a íoslaghdú, rannchuidiú na n-éiceachóras leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus a thionchair a chothú, agus tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht a sheachaint ó ghníomhaíochtaí agus ó bhearta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin; TÁ SÍ AN-TIOMANTA I gCÓNAÍ an comhar agus na sineirgí idir na hionstraimí agus na próisis ábhartha a neartú agus réitigh dhúlrabhunaithe a mhéadú a thuilleadh, agus a gcoimircí sóisialta agus comhshaoil á n-áirithiú ag an am céanna, chun comhthairbhí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a threisiú agus deireadh a chur le cailliúint na bithéagsúlachta;

**An bhithéagsúlacht agus an ithir**

32. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá bithéagsúlacht ithreach don mhaolú ar an athrú aeráide agus don oiriúnú dó, agus don tslándáil bia agus cothaithe, do gach duine agus MOLANN SÍ do na Páirtithe in CBD caomhnú, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe bhithéagsúlacht na hithreach a chomhtháthú i gcleachtais talmhaíochta, i bpleanáil tírdhreacha, i mbainistiú talún agus ithreach, i gcláir forbartha agus i mbeartais ábhartha eile.

**An bhithéagsúlacht agus an tsláinte**

33. CUIREANN SÍ I dTREIS a phráinní atá sé an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin'[22] a chur chun cinn agus a chur chun feidhme a thuilleadh, lena n-áirítear trí phríomhshruthú a dhéanamh ar naisc bhithéagsúlachta agus sláinte ar fud na mbeartas agus na n-earnálacha agus trí chur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí a chur i bhfeidhm, agus TACAÍONN SÍ le tuilleadh forbartha agus glactha ag COP 16 de Phlean Gníomhaíochta Domhanda maidir leis an mBithéagsúlacht agus leis an tSláinte lena dtugtar aghaidh ar na cúiseanna atá le díghrádú an éiceachórais agus na bithéagsúlachta agus ar a n-iarmhairtí ar shláinte agus ar fholláine daoine, ainmhithe, plandaí agus a gcomhthimpeallacht;

22 Mar atá sainithe ag Painéal Saineolaithe Ardleibhéil ar 'Aon Sláinte Amháin' agus arna fhormhuiniú ag an gComhghuaillíocht Ceithre Chuid maidir le hAon Sláinte Amháin.

**An bhitheolaíocht shintéiseach**

34. IS DÍOL SÁSAIMH DI forbairt agus bunú próiseas leathan rialta scanta ionchais, faireacháin agus measúnaithe ar na forbairtí teicneolaíochta is déanaí sa bhitheolaíocht shintéiseach, agus TACAÍONN SÍ le Sainghrúpa Teicniúil ildisciplíneach *Ad Hoc* (AHTEG ildisciplíneach) a bhunú mar rogha thosaíochta;

35. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an cur chuige réamhchúraim agus an measúnú riosca a chur i bhfeidhm maidir le horgánaigh a ndearnadh innealtóireacht ghéinfhuadair orthu;

## Caibidil III - Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht

36. IARANN SÍ GO nglacfaí an Plean Cur Chun Feidhme maidir le Prótacal Cartagena (2022-2030), atá fréamhaithe in GBF agus comhlántach leis, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI líon teoranta na bPáirtithe a bhfuil an Prótacal curtha chun feidhme go hiomlán acu;

37. IARRANN SÍ go nglacfaí an Plean Gníomhaíochta um Fhothú Acmhainneachta do Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht agus do Phrótacal Forlíontach Nagoya Kuala-Lumpur maidir le Dliteanas agus Sásamh, a chomhlánaíonn an creat straitéiseach fadtéarmach le haghaidh fothú acmhainneachta tar éis 2020;

38. IS DÍOL SÁSAIMH DI conclúidí an cheathrú measúnú agus athbhreithniú ar an bPrótacal agus an mheastóireacht deiridh ar an bPlean Straitéiseach do Phrótacal Cartagena don tréimhse 2011-2020; IS OTH LÉI, áfach, nach raibh ach líon teoranta aighneachtaí ar fáil chun an anailís sin a dhéanamh agus TATHANTAÍONN SÍ ar na páirtithe i bPrótacal Cartagena nár thíolaic a dtuarascáil náisiúnta go fóill é sin a dhéanamh a luaithe is féidir;

39. IS DÍOL SÁSAIMH DI obair an tSainghrúpa Theicniúil *Ad Hoc* (AHTEG) maidir le Measúnú Riosca agus Bainistiú Riosca chomh maith leis an moladh ó SBSTTA ábhair threoracha bhreise a fhorbairt chun tacú le measúnú riosca cás ar chás ar orgánaigh mhodhnaithe bheo a ndearnadh innealtóireacht ghéinfhuadair orthu agus a dhíríonn ar shaincheisteanna ginearálta agus ar iarratais atá le teacht go luath amach anseo;

40. IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin obair AHTEG maidir le breithnithe socheacnamaíocha, lena gcomhlánaítear an treoir dheonach maidir le measúnú a dhéanamh ar bhreithnithe socheacnamaíocha i gcomhthéacs Airteagal 26 de Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht.

41. TACAÍONN SÍ le bunú AHTEG maidir le Measúnú Riosca agus Bainistiú Riosca mar rogha thosaíochta, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh aon ábhar treorach breise a fhorbrófar ar ardchaighdeán teicniúil agus eolaíoch, agus go mbeadh sé úsáideach agus infheidhme;

42. IARRANN SÍ ar an deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe a bheidh ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe sa Phrótacal na bearta agus na cinntí is gá a dhéanamh chun comhtháthú iomlán na bithshábháilteachta in GBF a áirithiú;

43. IS DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm Phrótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur a ghabhann le Prótacal Cartagena agus spreagann sí na Páirtithe uile an ionstraim sin a dhaingniú a luaithe is féidir;

**<u>Caibidil IV - Prótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí</u>**

44. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá Prótacal Nagoya a chur chun feidhme ina iomláine agus a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht a fheabhsú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí bhearta caighdeánaithe agus simplithe rochtana agus comhroinnte tairbhí a fhorbairt, go háirithe chun taighde a chur chun cinn lena gcuirfear le cuspóirí CBD, agus gur gá tacú le fothú agus forbairt acmhainneachta chun é sin a bhaint amach;

45. IARRANN SÍ ar na Páirtithe aird chuí a thabhairt ar thábhacht na n-acmhainní géiniteacha do bhia agus don talmhaíocht agus ar an ról speisialta atá acu maidir le slándáil bia, chomh maith le cásanna éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann a chuireann sláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí i mbaol nó a dhéanann dochar dóibh, agus na forbairtí in ionstraimí agus fóraim idirnáisiúnta ábhartha eile (amhail FAO, EDS nó EDMI) á gcur san áireamh, agus a reachtaíocht nó a gceanglais rialála maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu;

46. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé aon fhaisnéis a chur ar fáil maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí chomh maith le faisnéis ábhartha eile is gá chun Prótacal Nagoya a chur chun feidhme go héifeachtach maidir leis an Teach Imréitigh um Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí.